



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11440/22

ELARG 65

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 11370/22
roimhe seo:

Ábhar: MÉADÚ

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin
-

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú – an Mhacadóin Thuaidh agus an Albáin, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 18 Iúil 2022.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ
AN MHACADÓIN THUaidh AGUS AN ALBÁIN**

AN MHACADÓIN THUaidh

1. Ag athdhearbhú di na conclúidí uaithe an 14 Nollaig 2021, is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas leanúnach na Macadóine Thuaidh clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn agus toradh inláimhsithe marthanach a bhaint amach.
2. Maidir leis an Macadóin Thuaidh agus í ar chonair na ballraíochta san Aontas Eorpach, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí na comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-chomharsanacht agus Comhar leis an mBulgáir.
3. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an comhaontú maidir leis an bprótacal ón dara cruinniú den Choimisiún Comhpháirteach Idir-Rialtasach a bunaíodh faoi Airteagal 12 den Chonradh seo. Is mór an cuidiú don dea-chaidreamh comharsanachta agus don chomhar réigiúnach, ar ríthábhachtach fós na gnéithe den phróiseas méadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad, a bheidh sa chéim thábhachtach seo.
4. Leis an gcomhaontú seo, beifear in ann cearta comhionanna na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh agus de phobail iad sa Mhacadóin Thuaidh a neartú, agus dá réir sin, cuideoidh sé le comhlíonadh chritéir pholaitiúla Chóbanhávan. Is díol sásaimh don Chomhairle i ndáil leis an méid sin go bhfuil rún ag an Macadóin Thuaidh na hathruithe bunreachtúla ábhartha a sheoladh agus a bhaint amach mar ábhar tosaíochta, d'fhonn go n-áireofar sa Bhunreacht na saoránaigh sin a bhfuil cónaí orthu laistigh de theorainneacha an stáit agus ar cuid de mhuintir eile iad, amhail muintir na Bulgáire.
5. Agus an dul chun cinn sin á chur san áireamh go hiomlán chomh maith leis an gcomhlíonadh gan bhriseadh sna réimsí uile a shainaithin an Chomhairle i mí an Mheithimh 2018, chinn an Chomhairle an Creat Caibidlíochta a fhorghnó agus, i gcomhréir leis an Modheolaíocht Fheabhsaithe agus leis an gcinneadh chun tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais a rinneadh an 25 Márta 2020, comhdháil pholaitiúil idir-rialtasach a thionóil leis an Macadóin Thuaidh ar an 19 Iúil 2022, chun na chéad chéimeanna eile i bpróiseas an mhéadaithe a chur i láthair, tar éis an Creat Caibidlíochta a ghlacadh, mar a thuairiscítear i 'sa ráiteas tosaigh ón Aontas'.

6. Chun an réamhchéim seo den chaibidlíocht aontachais a thabhairt chun críche, cinneann an Chomhairle go ndéanfaidh sí comhdháil idir-rialtasach eile a thionól d'fhonn an creat caibidlíochta agus staid imeartha na oibre ullmhúcháin ag an gCoimisiún a thiolacadh agus tá sí faoi réir leis an gcomhdháil sin a thionól gan tuilleadh moille agus gan aon chinneadh polaitiúil eile, a luaithé a chuirfidh an Macadóin Thuaidh a gealltanais chun feidhme na hathruithe bunreachtúla thuasluaite a thabhairt chun críche, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.
7. Sa pheirspictíocht sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta ag an gCoimisiún maidir le scrúdú anailíseach a dhéanamh ar *acquis* an Aontais agus an scrúdú sin a thabhairt chun críche, agus tá sé faoi réir lena chuid torthaí a chur i láthair in am trátha don Mhacadóin Thuaidh. Ar an mbonn sin, iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar staid ullmhúcháin na Macadóine Thuaidh le tús a chur leis an gcaibidlíocht i réimsí sonracha agus na saincheisteanna is dóichí a thiocfaidh chun cinn sa chaibidlíocht a shainaithint, ag tosú le cnuasach na mbunphrionsabal, a osclófar, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta, ar an gcéad dul síos, a luaithé a bheidh na critéir ábhartha a chomhaontaigh an Chomhairle comhlíonta ag an Macadóin Thuaidh.

AN ALBÁIN

8. Ag athdhearbhú di na conclúidí uathí an 14 Nollaig 2021, is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas leanúnach na hAlbáine clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn agus toradh inláimhsithe marthanach a bhaint amach.
9. Agus an comhlíonadh gan bhriseadh sna réimsí uile a shainaithin an Chomhairle i mí an Mheithimh 2018 á chur san áireamh go hiomlán, chinn an Chomhairle an Creat Caibidlíochta a fhormheas agus, i gcomhréir leis an Modheolaíocht Fheabhsaithe agus leis an gcinneadh chun caibidlíocht aontachais a oscailt a rinneadh an 25 Márta 2020, an chéad chomhdháil idir-rialtasach leis an Albáin a reáchtáil an 19 Iúil 2022.
10. Sa pheirspictíocht sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta ag an gCoimisiún maidir le scrúdú anailíseach a dhéanamh ar *acquis* an Aontais agus an scrúdú sin a thabhairt chun críche, agus tá sé faoi réir lena chuid torthaí a chur i láthair in am trátha don Albáin. Ar an mbonn sin, iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar staid ullmhúcháin na hAlbáine le tús a chur leis an gcaibidlíocht i réimsí sonracha agus na saincheisteanna is dóichí a thiocfaidh chun cinn sa chaibidlíocht a shainaithint, ag tosú le cnuasach na mbunphrionsabal, a osclófar, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta, ar an gcéad dul síos, a luaithé a bheidh na critéir ábhartha a chomhaontaigh an Chomhairle comhlíonta ag an Albáin.